2023.S7T2

2023J001A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí, 2023

# Gaeilge T2

## Ardleibhéal

Déardaoin 8 Meitheamh Maidin 9:30 - 11:30

270 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe**

Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

## Treoracha

Tá **dhá** roinn sa pháipéar seo.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Roinn A | 45 marc | Cluastuiscint | 3 cheist |
| Roinn B | 225 marc | Léamh, Ceapadóireacht agus Litríocht | 7 gceist |

Freagair gach ceist.

Bíodh na freagraí i nGaeilge ach amháin nuair nach gá é sin.

Níl gach ceist ar cómharc. Luaitear líon na marcanna atá ag gabháil le gach ceist ag barr na ceiste.

Scríobh do chuid freagraí **le peann gorm nó le peann dubh. Ná húsáid peann luaidhe**.

Scríobh do Scrúduimhir sa bhosca atá ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí sna spásanna atá curtha ar fáil sa leabhrán seo. Tá spás i gcomhair obair bhreise i ndeireadh an leabhráin. **Lipéadaigh aon obair bhreise go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist**.

Déanfar an leabhrán scrúdaithe seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. **Mar sin is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí**.

| Roinn A | Cluastuiscint | 45 marc |
|---|---|---|

**Ceist 1** **(15 mharc)**

Cloisfidh tú píosa cainte sa cheist seo. Cloisfidh tú an píosa cainte **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cá bhfuil Seán ina chónaí?

| |
|---|
| |

**(b)** Scríobh síos **dhá** phointe eolais faoi dheirfiúr Sheáin.

| |
|---|
| 1: |
| 2: |

**(c)** Cén spórt a bhfuil suim mhór ag Seán ann?

| |
|---|
| |
| |

**(d)** Cad ba mhaith le Seán a dhéanamh lá éigin?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

| | |
|---|---|
| Dul chuig an linn snámha ar a sé a chlog ar maidin. | ☐ |
| Haca a imirt le foireann na hÉireann sna Cluichí Oilimpeacha. | ☐ |
| Snámh ar son na hÉireann sna Cluichí Oilimpeacha. | ☐ |



**Ceist 2** **(15 mharc)**

Cloisfidh tú píosa nuachta sa cheist seo. Cloisfidh tú an píosa nuachta **faoi dhó**. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis na chéad éisteachta agus tar éis an dara héisteacht.

**(a)** Cén aois í Róise Bean Uí Néill inniu?

| |
|---|
| |

**(b)** Cé a sheol an litir speisialta chuig Róise Bean Uí Néill?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra cearta.



A cuid páistí ☐
A cuid garpháistí ☐
Uachtarán na hÉireann ☐

**(c)** Cá háit a bhfuil Róise Bean Uí Néill ina cónaí?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Lena páistí i Meiriceá ☐
Lena garpháistí san Astráil ☐
Ar Árainn Mhór, i gCo. Dhún na nGall ☐

**(d)** Cé mhéad garpháiste atá ag Róise?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

Ceathrar ☐
Deichniúr ☐
Fiche ☐

**(e)** Cad a bheidh ar siúl i halla an phobail anocht?

| |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 3** **(15 mharc)**

Cloisfidh tú comhrá sa cheist seo. Cloisfidh tú an comhrá **faoi dhó**. Cloisfidh tú an comhrá ó thús deireadh an chéad uair. Ansin cloisfidh tú ina **dhá** mhír é. Beidh sos ann leis na freagraí a scríobh tar éis gach míre díobh.

**Mír 1**



**(a)** Cad air a raibh Síle ag féachaint ar an teilifís?
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

- Ar scannán ☐
- Ar réamhaisnéis na haimsire ☐
- Ar Thír na nÓg ☐

**(b)** Tabhair pointe **amháin** eolais faoin aimsir anocht.

| |
|---|
| |
| |

**Mír 2**

**(c)** Cá rachaidh Síle agus a cairde anocht?

| |
|---|
| |
| |

**(d)** Tabhair **dhá** phointe eolais faoi Thír na nÓg.

| |
|---|
| 1: |
| 2: |

| Roinn B | Léamh, Ceapadóireacht agus Litríocht | 225 marc |
|---|---|---|

**Ceist 4** **(65 marc)**

Léigh an sliocht thíos agus freagair na ceisteanna ar fad a ghabhann leis.

## Iontais na Mara


Ochtapas san fharraige

**1.** Tá staidéar déanta ar thart faoi 240,000 iasc, ainmhí agus planda atá ina gcónaí sna farraigí ar fud an domhain. Mar sin féin, ceaptar go bhfuil suas le 2 mhilliún eile ann nach bhfuil ar eolas againn fós. Is fíor gur éirigh le heolaithe daoine a chur ar an ngealach agus feithicil a thiomáint ar Mhars, ach níl mórán staidéir déanta fós ar na trí cheathrú de dhroim an domhain atá faoin bhfarraige. Is ceantair iad na farraigí atá domhain agus dorcha agus níl sé éasca ná sábháilte cuid díobh a fhiosrú.


Blaosc cnó cócó

**2.** Ach tá ainmhí mara amháin ann atá ina ábhar iontais le fada an lá. Is é an t-ochtapas an t-ainmhí sin agus tá sé ina chónaí sna farraigí ar fud an domhain. Tagann an focal 'ochtapas' ón nGréigis, 'oktō' (ocht) agus 'pous' (cos). Ceithre phéire cos atá ar an ochtapas agus tá sé ábalta smaoineamh lena chuid cos. Cé go bhfuil inchinn an ochtapais i lár a choirp, tá dhá thrian dá chuid néarón sna cosa aige. Ciallaíonn sé sin gur féidir leis na cosa a bheith ag obair go neamhspleách ar an inchinn nuair a bhíonn sé á chosaint féin nó ag seilg. Tá an t-ochtapas in ann cos nua a fhás fiú amháin má chailleann sé ceann acu nuair a bhíonn sé faoi ionsaí ag ainmhí eile.


Siorcanna

**3.** Tá a lán buanna ag an ochtapas. Tá a chorp chomh bog sin gur féidir leis é féin a bhrú trí pholl chomh beag le 2.5 cm trasna. Ach tá gob géar crua air a úsáideann sé le portáin a bhriseadh agus a ithe. Is féidir leis siúl ar na cosa deiridh ar thóin na farraige agus blaosc cnó cócó a iompar leis chun teach a dhéanamh de. Tá sé ábalta dath a choirp a athrú go han-tapa agus dath buí, oráiste, dearg, donn nó dubh a chur air féin. Chomh maith leis sin, tá trí chroí aige agus tá fuil ghorm ann. Is féidir leis dul i bhfolach ar éisc mhóra ar nós siorcanna agus eile nuair a scaoileann sé dúch gorm leo chun iad a chur trína chéile.


Sliogáin

**4.** Chaith an scannánóir Craig Foster bliain ag snámh le hochtapas san Afraic Theas. Rinne sé an scannán My Octopus Teacher (2021) a thaispeánann an mhuinín agus an cairdeas álainn a d'fhás idir é féin agus an t-ochtapas. Is léir gur cleasaí cliste é an t-ochtapas. Sa scannán feicimid an t-ochtapas ag súgradh le Foster agus ina luí ar a ucht. Ligeann sé do Foster féachaint air ag seilg agus ag ithe. Feicimid an t-ochtapas ag iompar sliogán chun é féin a choinneáil slán. Lá amháin bhí siorc ag iarraidh an t-ochtapas a ionsaí. Ghreamaigh an t-ochtapas é féin de dhroim an tsiorca sa chaoi is nach mbeadh an siorc ábalta greim a fháil air ná é a ithe. Is cleasaí cliste é an t-ochtapas gan dabht!

**(a)** Cé mhéad iasc, ainmhí agus planda a bhfuil staidéar déanta orthu sna farraigí? (Alt 1)
Cuir **tic** (✓) leis an bhfreagra ceart.

240,000 ☐

2 mhilliún ☐

2,400 ☐

**(b)** Tabhair **dhá** phointe eolais faoin gcineál ceantair iad na farraigí. (Alt 1)

| |
|---|
| Pointe 1: |
| Pointe 2: |

**(c)** Cá bhfuil an t-ochtapas ina chónaí? (Alt 2)

| |
|---|
| |
| |

**(d)** Scríobh síos **dhá** rud faoi chosa an ochtapais. (Alt 2)

| |
|---|
| Rud 1: |
| |
| Rud 2: |
| |

**(e)** Tabhair **dhá** cheann de na buanna atá ag an ochtapas. (Alt 3)

| |
|---|
| Bua 1: |
| |
| Bua 2: |
| |

**(f)** Tabhair **dhá** phointe eolais a léiríonn gur cleasaí cliste é an t-ochtapas. (Alt 4)

| |
|---|
| Pointe 1: |
| |
| Pointe 2: |
| |

**(g)** An bhfuil aon suim agat féin i gcúrsaí farraige *nó* mara? Tabhair fáth **amháin** le do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |

**Ceist 5** **(40 marc)**

Ainmnigh *úrscéal* nó *dráma* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air le linn do chúrsa. *Ní mór teideal an úrscéil/an dráma sin agus ainm an údair a scríobh síos go cruinn.*

| |
|---|
| Teideal an úrscéil/an dráma: |
| Ainm an údair: |

Ransú smaointe

**Úrscéal/Dráma**



**(a)** Cad é príomhthéama an úrscéil/an dráma?

**(b)** Déan cur síos gairid ar eachtra mór **amháin** san úrscéal/sa dráma.

**(c)** Déan cur síos gairid ar an gcarachtar is fearr leat féin san úrscéal/sa dráma.

**(d)** Cé acu sásta *nó* míshásta atá tú le críoch an úrscéil/an dráma? Tabhair fáth **amháin** le do fhreagra.

**Ceist 6** **(50 marc)**



(Ar laethanta saoire *nó* ag an trá)



(Ag ceolchoirm *nó* ag cóisir le mo chairde)

Bhí tú i láthair ag ceann **amháin** díobh seo thuas. Scríobh alt i do dhialann faoi sin. San alt luaigh:

- pointe **amháin** eolais faoin áit a raibh tú
- pointe **amháin** faoi dhuine eile ann
- rud **amháin** maith a tharla
- an t-atmaisféar
- rud **amháin** nár thaitin leat
- pointe **amháin** eile.

Ransú smaointe

**Ceist 7** **(10 marc)**

**(a)** Léigh an t-alt thíos dar teideal *Paul Conroy, Ambasadóir Gaeilge CLG 2022,* atá ar fáil ar *www.gaa.ie*. Feicfidh tú go bhfuil bearnaí sa téacs. Líon na bearnaí leis an bhfocal as an liosta thíos is dóigh leat atá ceart. Bí cúramach, tá **dhá** fhocal ann nach bhfuil le húsáid ar chor ar bith.




Tá Paul Conroy ag imirt **le** foireann shinsir pheile na Gaillimhe. Bhí Paul Conroy____________ Ambasadóir na Gaeilge ag Cumann Lúthchleas Gael in 2022. Rugadh agus tógadh Paul le Gaeilge i gcathair____________Gaillimhe. Tá Paul sáite______________saol na Gaeilge. Tá an Ghaeilge fite fuaite i saol oibre_________________pearsanta Paul. Bíonn sé ag_______________Gaeilge chuile lá agus bíonn sé ag múineadh Gaeilge freisin.

| | | | |
|---|---|---|---|
| **i** | **agus** | **nó** | **na** |
| **mar** | **labhairt** | **~~le~~** | **sé** |

**Ceist 8** **(25 marc)**

Ainmnigh *gearrscéal* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air.
*Ní mór teideal an ghearrscéil sin agus ainm an údair a scríobh síos go cruinn.*

| |
|---|
| Teideal an ghearrscéil: |
| Ainm an údair: |

| Ransú smaointe |
|---|
| |

**(a)** Déan cur síos gairid ar phlota an ghearrscéil *nó* ar shuíomh an ghearrscéil.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Ar thaitin an gearrscéal seo leat féin? Tabhair cúis **amháin** le do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**Ceist 9** **(10 marc)**

**(a)** Tá trí fhocal i gcló trom i ngach ceann de na habairtí thíos. Tá ceann **amháin** de na focail sin ceart. Cuir ciorcal timpeall an fhocail **amháin** sin is dóigh leat atá ceart. Tá **(1)** déanta mar shampla duit.




**(1)** Tá *An Cailín Ciúin* bunaithe ar an ngearrscéal **Béarla / Bhéarla / mBéarla** *Foster.*

**(2)** Is í an t-aisteoir **óig / óga / óg** Catherine Clinch atá sa phríomhpháirt.

**(3)** **Taitnithe / Thaitin / Taitneamh** *An Cailín Ciúin* le daoine sa bhaile agus i gcéin.

**(4)** Tugadh ardmholadh **do / don / den** scannán, *An Cailín Ciúin*.

**(5)** Bronnadh ocht **ngradam / ghradam / gradaim** IFTA ar *An Cailín Ciúin*.

**(6)** Tá breis is €1 milliún déanta sna **bpictiúrlanna / phictiúrlanna / pictiúrlanna** ag *An Cailín Ciúin*.

**(b)** Luaigh an scannán Gaeilge *nó* Béarla is fearr leat féin. Tabhair fáth **amháin** le do rogha.

**Ceist 10** **(25 marc)**

Roghnaigh *dán/amhrán* ó ***Liosta Téacsanna Dualgais T2*** a ndearna tú staidéar air.
*Ní mór teideal an dáin/an amhráin sin agus ainm an duine a chum a scríobh síos go cruinn.*

| |
|---|
| Teideal an dáin/an amhráin: |
| Ainm an duine a chum: |

| |
|---|
| Ransú smaointe |

**(a)** Déan cur síos gairid ar **dhá** íomhá sa dán/san amhrán a thaitníonn leat.

| |
|---|
| Íomhá 1: |
| |
| |
| |
| |
| Íomhá 2: |
| |
| |
| |
| |

**(b)** Déan cur síos gairid ar mhothúchán **amháin** a spreagann an dán/an t-amhrán ionat féin.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Spás breise scríbhneoireachta.
Lipéadaigh gach píosa oibre le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

**Admhálacha**

**Íomhánna**

| | |
|---|---|
| An íomhá ar leathanach 3: | www.clipart-library.com |
| An íomhá ar leathanach 4: | www.nenagh.ie |
| An íomhá ar leathanach 5: | www.freepik.com |
| Na híomhánna ar leathanach 6: | www.surfertoday.com, www.nationalgeographic.com, www.newscientist.com |
| An íomhá ar leathanach 8: | www.clipart-library.com |
| Na híomhánna ar leathanach 10: | www.brittanyferries.com, www.freepik.com |
| An íomhá ar leathanach 12: | www.galwaygaa.ie |
| An íomhá ar leathanach 14: | www.donegalwoman.ie |

**Téacsanna**

| | |
|---|---|
| An téacs ar leathanach 6: | bunaithe ar fhoinsí éagsúla |
| An téacs ar leathanach 12: | www.galwaygaa.ie |

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú Deiridh na Sraithe Sóisearaí – Ardleibhéal

# Gaeilge T2

Déardaoin 8 Meitheamh

Maidin 9:30 - 11:30